Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Bealtaine 2022**
**(OR. en)**

**8783/22**

**DRS 20**
**ECOFIN 398**
**EF 128**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 3 Bealtaine 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D081043/01 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 a mhéid a bhaineann leis an gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 17 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D081043/01.

Faoi iamh: D081043/01

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
[…](2022) XXX draft

**D081043/01**

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 a mhéid a bhaineann leis an gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 17**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 a mhéid a bhaineann leis an gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 17**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Iúil 2002 maidir le cur i bhfeidhm na gcaighdeán idirnáisiúnta cuntasaíochta[1], agus go háirithe Airteagal 3(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008[2] ón gCoimisiún, glacadh caighdeáin agus léirmhíniúcháin idirnáisiúnta chuntasaíochta áirithe a bhí ann cheana an 15 Deireadh Fómhair 2008.

(2) An 19 Samhain 2021, le Rialachán (AE) 2021/2036[3] ón gCoimisiún, ghlac an Coimisiún *Conarthaí Árachais* an Chaighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 17 nua (IFRS) 17 arna n-eisiúint ag an mBord um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta (IASB) i mBealtaine 2017 agus arna leasú aige i Meitheamh 2020. Beidh feidhm ag an gcaighdeán sin ón 1 Eanáir 2023 ar aghaidh. Ceadaítear cur i bhfeidhm níos luaithe.

(3) An 9 Nollaig 2021, d'fhoilsigh IASB leasú breise ar IFRS 17. Leis an leasú ar na ceanglais aistrithe in IFRS 17, fágann sé go mbeidh cuideachtaí in ann na difríochtaí aicmithe aonuaire maidir le faisnéis chomparáideach ón tréimhse tuairiscithe roimhe sin a shárú ar fheidhmiú tosaigh *Ionstraimí Airgeadais* IFRS 17 agus IFRS 9.

(4) Leis an bhforleagan roghnach a thugtar isteach leis an leasú sin, cuirtear ar chumas cuideachtaí úsáideacht na faisnéise comparáidí a mhéadú, faisnéis a chuirtear i láthair nuair a chuirtear IFRS 17 agus IFRS 9 i bhfeidhm den chéad uair. An raon feidhme sin, cumhdaítear leis sócmhainní airgeadais a bhaineann le dliteanais árachais, nach ndearnadh a athshonrú le haghaidh IFRS 9 go dtí seo.

(5) Tar éis dul i gcomhairle leis an nGrúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais, chinn an Coimisiún maidir leis an leasú ar *Conarthaí Árachais* IFRS 17 go

[1] IO L 243, 11.9.2002, lch. 1.

[2] Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2008 lena nglactar caighdeáin áirithe idirnáisiúnta chuntasaíochta i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 320, 29.11.2008, lch. 1).

[3] Rialachán (AE) 2021/2036 ón gCoimisiún an 19 Samhain 2021 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 lena nglactar caighdeáin áirithe idirnáisiúnta chuntasaíochta i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 17 (IO L 416, 23.11.2021, lch. 3).

gcomhlíontar na critéir maidir leis an nglacadh mar a leagtar amach in Airteagal 3(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 a leasú dá réir sin.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste Rialála Cuntasaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008, leasaítear *Conarthaí Árachais* Chaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) 17 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Ní féidir le cuideachtaí an leasú dá dtagraítear in Airteagal 1 a chur i bhfeidhm ach amháin maidir le *Conarthaí Árachais* IFRS 17 agus *Ionstraimí Airgeadais* IFRS 9.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula von der Leyen*